



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA

STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815 - 1993

Scrúdú Scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, seolta isteach roimh ré: 100 marc

## PÁIPÉAR SCRÚDAITHE SAMPLACH

### *Treoracha d'iarrthóirí:*

Freagair Roinn 1, 2, agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist doiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)

Freagair gach cuid den cheist seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaicí 1, 3, 4, 5, 6.

Freagair topaic amháin ón roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair dhá thopaic ón roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

### **Gluaiseachtaí don leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

Cás staidéir lena mbaineann na doiciméid:

#### **Baile Átha Cliath 1913 – stailc agus frithdhúnadh.**

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

1. (a) I ndoiciméad A, ar thaitin aitheasc Larkin, ó bhalcón an óstáin, leis an slua? Míniú do fhreagra.  
(b) Cén fáth, dar leat, ar chinn Larkin teacht i láthair ag an ócáid seo i mbréigriocht?  
(c) I ndoiciméad A, cén fáth dar leat ar “théaltaigh Ernie O’Malley suas sráid i leataobh?”  
(d) I ndoiciméad B, cén t-éileamh a rinne an slua i Sráid Chamden agus cén fhreagair a rinne siad nuair a diúltaíodh don éileamh?  
(e) I ndoiciméad B, cad a chiallaíonn “ruathair smachtín?”  
(40)
2. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, is mó a thaobhaíonn le gníomhartha na bpóilíní? Míniú do fhreagra, agus déan tagairt don dá dhoiciméad.  
(b) Cé acu doiciméad, A nó B, ar cuntas pearsanta é? Míniú do fhreagra, agus déan tagairt don dá dhoiciméad.  
(20)
3. (a) An dtuigtear duit go bhfuil claontacht i gceachtar den dá dhoiciméad? Míniú do fhreagra.  
(b) Sliocht as leabhar is ea doiciméad A a foilsíodh i 1936, trí bliana is fiche tar éis na heachtra. Baineadh doiciméad B as nuachtán a foilsíodh an lá tar éis na heachtra a bhfuil tuairisc uirthi. An gciallaíonn sé sin go bhfuil doiciméad B níos iontaofa ná doiciméad A? Míniú do fhreagra agus déan tagairt don dá dhoiciméad.  
(20)
4. Ar bhain na stailceoirí a gcuid aidhmeanna amach tar éis stailc agus frithdhúnadh 1913? Míniú do fhreagra.  
(20)

- Doiciméad A -

**Sliocht as dírbheathaisnéis a thugann chun cuimhne an foréigean  
i mBaile Átha Cliath, Meán Fómhair 1913 (aistrithe ón mBéarla)**

Bhí mé i Sráid Uí Chonaill tráthnóna amháin nuair a nocht Jim Larkin....ar bhalcón óstáin, agus é i mbréigriocht féasóige. Labhair sé i measc na ngártha molta, agus scigmhagadh á dhéanamh faoi na fostóirí.

Leath póilíní ó gach aird, theanntaíodar an slua, agus d'úsáideadar a smachtíní troma ar aon duine a tháinig sa bhealach orthu.

Chonaic mé mná á leagadh agus á gciceáil – théaltaigh mé suas sráid bheag i leataobh; ag ceann eile na sráide bhuail na póilíní daoine agus iad gortaithe, ina luí ar an talamh, bhuaileadar iad arís agus arís eile....bhí mise ar thaobh na stailceoirí.

Ernie O'Malley, *On Another Man's Wound* (1936)

- Doiciméad B-

**Sliocht as tuairisc nuachtáin ar an bhforéigean  
i mBaile Átha Cliath, Meán Fómhair 1913 (aistrithe ón mBéarla)**

Eachtraí foréigin: rinne slua iarracht , thart ar 5.30 p.m., iachall a chur ar thiománaithe sé cinn de thramanna a gcrainn tiomána a thabhairt uatha i Sráid Chamden. Iarradh ar fhir na dticéad na tramanna a fhágáil freisin.

Dhiúltaigh na tiománaithe agus na fir ticéad géilleadh d'éileamh an tslua, a chaith clocha agus diúracáin leis na tramanna...Ní raibh ach dornán póilíní ar dualgas san áit ag an am, agus caitheadh clocha go fíochmhar leo siúd.

Tháinig póilíní eile i gcabhair orthu gan mhoill....agus rinneadh sé cinn de ruathair smachtíní ar an slua sular scaipeadar ar deireadh.

Freeman's Journal, *Dé Luain, 1 Meán Fómhair, 1913.*

## ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B, agus C as ceann amháin de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815 –1870**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht as litir a scríobh Dónal Ó Conaill go dtí a bhean chéile le linn an fheachtais d'Fhuascailt na gCaitliceach. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*Go dtí seo tá an Bille (Fuascailte) ar fheabhas. Dá rithfí é leis féin amháin bheadh sárbhua faighte againn...Ina dhiaidh sin, tagann an bille-imris chun tairseach cáilithe na saorsheilbhe a ardú go dtí deich bpunt. Tá sé seo go dona, an-dona, agus caithfimid é a chosc más féidir...tá gach aon ní eile go breá.*

*Cé a chuimhneodh go bhfaighmis a leithéid de bhille ó Peel agus Wellington! Féadfaidh Caitliceach feasta a bheith ina bhreitheamh, ina mhéara, ina shirriam...ina thiarna parlaiminte, ina bhall den pharlaimint, go hachomair, gach rud....A stóirín, an ceadmhach dom a rá go ndearna mé mo chion féin do seo. Gach rud, sea, ach saorsheilbh 40s, ach i mo thuairim féin tabharfaidh an £10 breis cumhachta do na Caitlicigh i ndáiríre. Ní mór dom tacú áfach leis na saorshealbhóirí.*

1. Déanann Ó Conaill tagairt do “sárbhua”. Cad dó atá sé ag tagairt?
2. Cad a chiallaíonn an téarma ‘Fuascailt na gCaitliceach’?
3. Cén fhreagairt a rinne Ó Conaill don mholadh go méadófaí tairseach cáilithe na saorsheilbhe ó 40 scilling go dtí £10?
4. Cad iad na gairmeacha a bheadh oscailte feasta do Chaitlicigh?
5. Agus Fuascailt na gCaitliceach achtaithe, ar tháinig feabhas ar shaol na gCaitliceach, mar a bhí Ó Conaill ag súil leis?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cogadh na nDeachúna.
2. William Dargan.
3. Forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste.
4. Gluaiseacht na nÉireannach Óg.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar theip ar fheachtas Dhónaill Uí Chonaill chun Acht an Aontais a aisghairm?
2. Cén fhreagairt a rinne dreamanna príobháideacha don Ghorta?
3. Cén cion a rinne Máthair Mary Aikenhead d’oideachas na mbocht in Éirinn?
4. Cad iad na hathruithe a tharla san Eaglais Chaitliceach in Éirinn de thoradh ar Shionad Dhurlais, 1850?

*Éire: Topaic 3*  
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

A (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Féach Pictiúr X **ar leathanach 15**. Is cartún é a dhéanann trácht ar neodracht na hÉireann le linn an Dara Cogadh Domhanda. Déan staidéar ar an gcartún agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé hé an ceannaire Éireannach atá ag marcaíocht ar asal?
2. Cén fáth nach gceadódh rialtas na hÉireann don Bhreatain bunáiteanna a bheith acu in Éirinn le linn an Dara Cogadh Domhanda?
3. “Neodracht – is cuma cén praghas”. Luaigh fadhb amháin a bhí ag rialtas agus ag muintir na hÉireann de thoradh na neodrachta.
4. Cén chomhairle atá á thabhairt ag na tíortha laistiar den tsreang dheilgneach don cheannaire Éireannach? Mínigh do fhreagra.
5. Ainneoin na neodrachta, luaigh bealach amháin ar chabhraigh an rialtas leis an mBreatain le linn an Dara Cogadh Domhanda.

B (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Éirí Amach 1916.
2. Páirt Mhichíl Uí Choileáin i gCogadh na Saoirse.
3. An Cogadh Cathartha.
4. Béal Feirste le linn an Dara Cogadh Domhanda.

C (40 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na topaicí a pléadh ag Caibidlí an Chonartha, Deireadh Fómhair-Nollaig 1921?
2. Cad a bhain Liam T. Ó Cosgair amach mar cheannaire ar Shaorstát Éireasnn, 1922-1932?
3. Sna 1930daí luatha, cén fáth ar athraigh rialtas de Valera ó pholasaí saorthradála go polasaí cosantachais?
4. Cén cion a rinne Evie Hone do shaol ealaíne agus cultúir na hÉireann?

*Éire: Topaic 4*  
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)  
Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad

Sliocht as cuntas a thug an t-údar Tim Pat Coogan ar a chuairt ar Grosse Isle. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhíos tar éis teacht go Grosse Isle, mar gheall ar shuntas an bhróin atá ag an áit seo i stair na hÉireann, ach chomh maith leis sin, toisc go bhfuil sé i réigiún de Ceanada inar fhréamhaigh muintir na hÉireann den chéad uair i Meiriceá Thuaidh....ba í an San Labhrás (an abhainn) an príomhartaire trínar sheol na hÉireannaigh isteach i mbailte ar nós Québec, Montréal, Kingston, Toronto, gleann Ottawa agus an chuid eile de Ceanada...An spota beag talún seo (Grosse Isle), na mílte míle i gcéin ó Éirinn, i mbéal cheann d'aibhneacha móra an domhain, is siombail é den rian a d'fhág an Gorta ar mhuintir na hÉireann i gcoitinne agus, go háirithe, cuidíonn se linn an t-eispéireas a bhí acu i Meiriceá Thuaidh a mhíni.*

(TP Coogan: 'Wherever Green is Worn: the story of the Irish Diaspora', Hutchinson, 2000)

1. Luaigh cúis amháin ar tháinig an t-údar go Grosse Isle.
2. Cén tsiombail atá i nGrosse Isle do mhuintir na hÉireann i gcoitinne?
3. Cén pháirt a bhí ag an San Labhrás (an abhainn) in eisimirce mhuintir na hÉireann go Ceanada?
4. Cén fáth a ndeachaigh a oiread sin daoine ar imirce as Éirinn go Ceanada agus na Stáit Aontaithe le linn na 1840í?
5. Seachas Ceanada, ainmnigh dhá cheann scríbe a bhí ag imircigh na hÉireann le linn an naoú haois déag.

B (30 marc)  
Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad

Scríobh alt ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An meon frith-Éireannach sna Stáit Aontaithe agus sa Bhreatain le linn an naoú haois déag.
2. An tOrd Oráisteach i gCeanada agus/nó san Astráil.
3. Maureen O'Hara nó Máthair Mary Martin
4. Tionchar John F. Kennedy.

C (40 marc)  
Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén cion a rinne an tArdeaspag Mannix don Eaglais Chaitliceach san Astráil?
2. Cé chomh maith is a d'éirigh le misean Éamoin de Valera go Meiriceá chun tacaíocht a fháil do neamhspleáchas na hÉireann?
3. Cad atá le foghlaim againn faoin imirceach Éireannach sa Bhreatain ó scríbhinní Dhomhnall Mhic Amhlaigh?
4. Cé chomh maith is a d'éirigh le misean Chumann an Spioraid Naoimh chun na Nigéire sa tréimhse, 1945-1966?

*Éire: Topaic 5*  
**Polaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht as tuairisc san *'Irish Times'* ar chírreib i dTaobh an Bhogaigh i gcathair Dhoire ar 12 Lúnasa, 1969. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Mhair an tsíocháin neamhbhuan (ghuagach) i nDoire go dtí thart ar a 3 a chlog san iarnóin. Ghabh paráid na mbannaí agus na bPrintíseach thar bráid ar maidin gan achrann agus bhí sé ciúin fosta ag an chuid is mó de na paráidí móra san iarnóin. ....bhí slua 1,000 duine nó mar sin, ógánaigh as Taobh an Bhogaigh den chuid is mó ag fonóid agus ag scigmhagadh, le greann agus le holc, faoi lucht na máirseálacha, laistiar de na bacainní síochána.*

*Roimh a 3 a chlog, caitheadh clocha as Sráid William agus Sráid Waterloo....Chuir na póilíní a bhfeisteas círeibe orthu agus b'sheo leis an dá thaobh in aghaidh a chéile arís. Thuirling na clocha ina gceathanna ainneoin iarrachtaí maor na gCearta Sibhialta agus na gceannairí polaitiúla....Roimh a 4 a chlog agus a 5 a chlog réab na póilíní isteach i dTaobh an Bhogaigh. Ruathar póilíní agus smachtíní tarraingthe acu a ghlan Sráid Waterloo. Réab na carranna armúrtha agus na gunnaí móra uisce acu síos Sráid William agus chúlaigh an slua go dtí Sráid Rossville.*

1. Cad a bhí ar siúl i nDoire ar maidin agus go luath san iarnóin ar 12 Lúnasa, 1969?
2. Cad a rinne ógánaigh as Taobh an Bhogaigh?
3. Cén fáth ar chuir póilíní feisteas círeibe orthu?
4. Luaigh dhá chúis ar chuaigh an scéal in olcas idir a 4 a chlog agus a 5 a chlog.
5. Luaigh cúis amháin a raibh a oiread sin míshocrachta i gcathair Dhoire ó 1969 ar aghaidh.

B (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Write a paragraph on **one** of the following:

1. Tionchar an Stáit Leasa Shóisialaigh i dTuaisceart Éireann.
2. Bernadette Devlin.
3. Riail Dhíreach a bheith tugtha isteach i dTuaisceart Éireann i 1972.
4. Seamus Heaney.

C (40 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fath ar chúis chonspóide é Cúil Rathain a bheith roghnaithe mar shuíomh don ollscoil nua?
2. Cén fáth gur theip ar an gCoiste Feidhmiúcháib Comhchumhachta in 1974?
3. Cén pháirt a bhí ag John Hume i gcúrsaí Thuaisceart Éireann?
4. Cérbh iad na polasaithe maidir le Tuaisceart Éireann a bhí ag Margaret Thatcher?

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht faoi bhlianta luatha na teilifíse in Éirinn. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*In 1963 bhí 1,044 uair an chloig de chláracha teilifíse baile ann i gcomparáid le 1,178 uair an chloig de chláracha eachtracha. In 1964 bhí 1,253 uair an chloig de chláracha baile ann i gcomparáid le 1,093 uair an chloig de chláracha eachtracha. In 1963 bhí 336,939 ceadúnas raidió agus 201,095 ceadúnas teilifíse sa tír. In 1964 bhí 292,899 ceadúnas raidió agus 258,988 ceadúnas teilifíse sa tír. Faoi 1969, bhí 160,888 ceadúnas raidió agus 432,735 ceadúnas teilifíse ann. Léiríodh réimse cláracha tábhachtacha nuachta, cúrsaí reatha agus cabaireachta. B' éigean do pholaiteoirí dul i dtaithe ar shaol an 'ghiota fuaimne' agus an 'tuairim ar an toirt'.*

(Luaite i D. Keogh. 'Twentieth Century Ireland: Nation and State'. Baile Átha Cliath, 1994)

1. Ar ardaigh nó ar thit líon na gceadúnas raidió agus teilifíse idir 1963 agus 1964?
2. Luaigh 3 chineál clár teilifíse a raibh lucht féachana forleathan acu sna 1960í.
3. Conas ab éigean do pholaiteoirí freagairt do mheán nua na teilifíse?
4. An bhfuil níos mó fíricí ná tuairimí sa doiciméad seo? Luaigh cúis le do fhreagra.
5. Luaigh bealach amháin ar chuidigh RTÉ le hathrú a thabhairt chun cinn ar dhearcadh agus ar thuairimí an phobail sa tréimhse, 1962-1972.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Ról fórsaí cosanta na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe, 1955-1989.
2. Tionchar Vatacáin II in Éirinn.
5. Saoroideachas iarbhunscoile agus an sochar a bhain leis.
6. Sylvia Meehan.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén éifeacht a bhí ag an gCéad Chlár Forbartha Eacnamaíochta ag T.K. Whitaker in Éirinn sna 1960í?
2. Cén tionchar a bhí ag an CEE ar iascach na hÉireann tar éis 1973?
3. Cén ról a bhí ag Charles Haughey agus/nó ag Garret FitzGerald I bpolaitíocht na hÉireann le linn na tréimhse seo?
4. Cad iad na hathruithe gur chabhraigh Máire Mhic Róibín lena mbaint amach in Éirinn sna 1970daí agus 1980daí?



### ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

Freagair na trí rannóg, A, B, agus C, as dhá cheann araon de na topaicí anseo thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*  
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht as fianaise a thug Robert Owen ar 26 Aibreán, 1815 do Choiste Robert Peel i Westminster. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ceist: *Cé chomh hóg is a bhíonn na leanaí a thugann tú ag obair sna muilte?*

Robert Owen: *Ó aois a deich suas. Ceist: Cén fáth nach bhfostaíonn tú níos óige iad?*

Robert Owen: *Measaim go ndéanfadh sé dochar do na leanaí, agus nach ndéanfadh sé leas na n-úinéirí. Fuaireas amach ag New Lanark go raibh 5,000 leanbh ann, a tógadh as tithe na mbocht, go háirithe as Dún Éideann, agus bhí na leanaí sin de ghnáth idir aois a cúig agus a hocht. Trí uair an chloig déag sa lá.. Bhí cothú maith á thabhairt do na leanaí seo ach bhí a ngéaga míchumtha, agus iad lagfáiseach... is é a thuig mé uaidh seo go ndearnadh dochar do na leanaí toisc gur tugadh isteach sna muilte iad ró-óg agus a oiread sin uaireanta an chloig á n-oibriú acu; dá bhrí sin, chomh luath agus a bhí sé im chumas, thug mé isteach rialacháin a chuir deireadh le córas a thuigeas a bhí chomh héagórach sin.*

Ceist: *Mura bhfostaíonn tú leanaí faoina deich mbliana, cad a dhéanfa leo?*

Robert Owen: *Teagasc a thabhairt dóibh, agus aclaíocht.*

1. Cén aois a bhíonn ag na leanaí a thugann Robert Owen isteach ina mhonarcha i New Lanark?
2. Cad as a tháinig na leanaí?
3. Cén chaoi ar cheap Robert Owen go raibh dochar déanta do na páistí óga seo?
4. Cad a mholann Robert Owen a dhéanfaí le leanaí faoina deich mbliana d'aois?
5. Cén fáth go raibh drogall ar úinéirí monarchan eile smaointe Robert Owen a chur i bhfeidhm?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Charles Darwin.
2. Seirfeachas sa Rúis, 1815-1871.
3. Forbairtí san Eolaíocht, 1815-1871.
4. Feargus O' Connor.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe a thug Baron Haussmann isteach i bPáras?
2. Cén fáth a raibh réabhlóid sa Ghearmáin i 1848?
3. Cén chaoi ar chabraigh Mazzini le haontú na hIodáile a bhaint amach?
4. Conas a chuir Otto von Bismarck aontú na Gearmáine i gcrích?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Stáit náisiúin agus teannais idirnáisiúnta, 1871-1920**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Baineann an sliocht thíos le ceart vótála a thabhairt do mhná i 1917. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Thug Parlaimint Westminster aitheantas inné (28 Márta, 1917) do na seirbhísí a thugann mná don stát trí ghlacadh, le 341 vóta in aghaidh 62, le cearta vótála na mban, atá curtha san áireamh i scéim leasa thoghchánach atá le teacht i bhfeidhm ag deireadh an chogaidh. ...Níorbh fhéidir an cogadh a chur chun cinn gan iad: agus bhraith sé [an Príomhaire] nach bhféadfaí a gceart ar a nguth féin a cheilt orthu maidir leis na fadhbanna a bhain le hatógail na tíre nuair a bheadh an cogadh thart. Na mná úd a bhí á moladh mar thírghráthóirí, bhíodar á gcur chun cinn anois mar vaimpírí a bhaineann a jabanna d'fhir ar leo le ceart iad. De bharr brú ó na ceardchumainn scaoileadh chun siúil iad as obair innealtóireachta, clódóireachta agus iompair, agus as monarchana inar oibrigh siad ar armlón. Níor socraíodh sochar dífhostaíochta ar bith dóibh. Measadh go rachaidís ag obair mar shearbhóntaithe i dtithe.*

1. Cad é ar ghlac Parlaimint Westminster leis i mí na Márta, 1917?
2. Luaigh cúis amháin a luann an Príomhaire chun ceart vótála a thabhairt do mhná.
3. Luaigh dhá chineál fostaíochta ar scaoileadh mná chun siúil astu i ndiaidh an chogaidh.
4. Conas a chaithfeadh mná a slí bheatha a thuilleamh feasta?
5. De thoradh bheith ag obair i jabanna nua le linn an chogaidh, luaigh athrú amháin a tháinig ar éadaí ban tar éis an chogaidh.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Stair luath an ghluaisteáin.
2. FrithGhiúdachas sa Fhrainc agus/nó sa Rúis, 1871-1920.
3. Polasaí eachtrach Bismarck i leith na Fraince.
4. Muintir Krupp agus fás na tionsclaíochta sa Ghearmáin.

C (40 marc)]

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar phearsa thábhachtach í Marie Curie i bhforbairt na heolaíochta sa 19ú haois dhéanach agus san 20ú haois luath?
2. Cé chomh mór is a spreag polasaí cabhlaigh Kaiser Wilhelm II na Gearmáine an Chéad Chogadh Domhanda?
3. Cén pháirt a bhí ag Rosa Luxemburg i stair na Gearmáine?
4. Cén pháirt a bhí ag Woodrow Wilson i gcúrsaí na hEorpa?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Féach Pictiúr Y **ar leathanach 15**. Is cartún é a bhaineann leis na blianta cogaidh (1939-1945) sa Bhreatain. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

1. Cérbh é an tAire Saothair sa Bhreatain le linn an Dara Cogadh Domhanda?
2. Cad atá an tAire Saothair ag iarraidh ar an mbean óg a dhéanamh?
3. Cén fáth a raibh sé chomh tábhachtach sin mná a earcú chun dul ag obair sna monarchana le linn an Dara Cogadh Domhanda?
4. Seachas obair sna monarchana, luaigh rud amháin eile a rinne mná na Breataine chun cuidiú leis na hiarrachtaí cogaidh.
5. Scríobh dhá abairt faoin *Home Front* sa Bhreatain le linn an chogaidh..

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Forbairtí luatha sa raidió agus sna scannáin.
2. Dul chun cinn i dteicneolaíocht na cogaíochta, 1920-1945.
3. Benito Mussolini.
4. FrithGhiúdachas san Eoraip, 1933-1945.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fath ar chuir Stalin cúirteanna bréige ar bun agus ar bhain siad amach an toradh a bhí uaidh?
2. Cén leas a bhain Joseph Goebbels as meáin chumarsáide na Gearmáine chun gluaiseacht na Naitsíoch a chur chun cinn?
3. Cad a bhain Winston Churchill amach mar cheannaire le linn an chogaidh idir 1940 agus 1945?
4. Cén fáth gur tharla Mórshiúl Jarrow, Deireadh Fómhair 1936?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip 1945-1992**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Féach Pictiúr Z ar **leathanach 15**. Is cartún é a bhaineann leis an gCúirtín Iarainn, mar a thugtar air. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna thíos.

1. “No admittance by order. Joe,” Cé hé an Joe a bhfuil tagairt anseo dó?
2. Cad a thuigeann tú leis an téarma Cúirtín Iarainn?
3. Ainmnigh an ceannaire polaitiúil atá ag iarraidh féachaint faoin gCúirtín Iarainn.
4. Ainmnigh tír amháin san Eoraip a bhí deighilte ag an gCúirtín Iarainn.
5. Luaigh cúis amháin a raibh an Eoraip deighilte idir Thoir agus Thiar tar éis 1945.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Géarchéim Bheirlín, 1948-1949.
2. Bunú an CEE.
3. An t-athrú ar ról na mban maidir le hobair agus leis an teaghlach idir na 1950í agus na 1980í.
4. John Lennon.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a bhí ag Jean Monnet nó ag Jacques Delors i scéal aontais na hEorpa?
2. Cad iad na hathruithe a tharla san Eaglais Chaitliceach i ndiaidh Chomhairle na Vatacáine?
3. Conas a chuidigh leasuithe Gorbachev in Aontas na Sóivéide le titim an chumannachais?
4. Cén tionchar a bhí ag Géarchéim na hOla, 1973?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Déan staidéar ar an sliocht thíos a bhaineann le neamhspleáchas na hIndia agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Cuirimid deireadh inniu le ré anróiteach agus tá an India ag teacht uirthi féin an athuair. Níl sa mhéid atá bainte amach inniu agus atáimid a cheiliúradh, ach céim...i dtreo na mbuanna níos mó fós agus na n-éachtaí atá romhainn amach...Cuimhnímid inniu freisin ar ár mbráithre agus ar ár siúracha atá deighilte uainn ag teorainneacha polaitiúla agus nach féidir leo, ar mhí-ámharaí an tsaoil, an tsaoirse a roinnt linn faoi láthair, an tsaoirse úd atá tagtha go dtí an India. Is cuid dinn iad agus beidh siad ina gcuid dinn go deo, is cuma cad a tharlóidh.*

(Jawaharlal Nehru leis an gComhthionól Bunreachtúil, 14 Lúnasa, 1947)

1. Cén fáth a raibh an India ag cur deireadh “le ré anróiteach” an lá sin?
2. Agus do fhreagra á bhunú agat ar an doiciméad, cén dearcadh a bhí ag Nehru maidir le deireadh riail na Breataine san India?
3. Cérbh iad na “bráithre agus na siúracha” a ndearna Nehru tagairt dóibh?
4. Ainmnigh an dá stát a bunaíodh san India tar éis aistarraingt na Breataine.
5. Cén fáth ar chinn an Bhreatain tarraingt siar as an India tar éis an Dara Cogadh Domhanda?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Géarchéim Suez, 1956.
2. Cultúr agus ilchiníochas na Breataine, 1945-1965.
3. Caidreamh idirchiníoch sa Fhrainc le linn na 1980s.
4. Bunús na coimhlinte idir Arabaigh agus Iosraelaigh.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach is a bhí ról Mohandas Gandhi agus neamhspleáchas na hIndia á bhaint amach idir 1945 agus 1947?
2. Míinigh an tábhacht a bhain leis an tarráingt amach a rinne Katanga as an gCongó idir 1960 agus 1965.
3. Cé chomh héifeachtach is a bhí Julius Nyerere agus a pholasáí *ujamaa* sa dul chun cinn eacnamaíochta a rinne a thír?
4. Ag tagairt do Nadine Gordimer agus/nó Chinua Achebe, cad iad na deacrachtaí a bhí ag scríbhneoirí san Afraic sa tréimhse iarchoilíneachta?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sa sliocht thíos tá Martin Luther King ag tabhairt freagra orthu siúd a dúirt gur chóir go mbeadh daoine gorma foighdeach agus iad ag feitheamh le cearta sibhialta. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*Ach nuair atá dronga ainbhéasacha feicthe agat ag crochadh do mháthar agus d'athar dá ndeoin féin agus ag báthadh do dheirfiúracha agus do dheartháireacha le taghd; nuair atá póilíní lán amach d'fhuath agus de ghráin feicthe agat ag eascaí, ag ciceáil agus fiú ag marú do dheartháireacha agus do dheirfiúracha gorma; nuair atá tromlach mór do chomhbhráithre Gorma, fiche milliún díobh, feicthe agat ag plúchadh i gcás múchta an bhochtanaís i lár an rachmais agus an ghustail; nuair a dhéantar ciapadh ort i gcaitheamh an lae agus go bhfuil tú cráite i gcaitheamh na hoíche gur Gormach tú, ag maireachtáil de shíor ar bharr méireanna an dá chos... sin é an uair a thuigfidh tú gur deacair linn feitheamh go foighdeach.*

(Martin Luther King, litir as Príosún Birmingham, Aibreán 1963)

1. Dar leis an údar, cén dá ghrúpa atá ciontach i bhforéigean in aghaidh na Meiriceánach gorm?
2. Fad a bhí na milliúin Meiriceánach gorm beo bocht, sochaí rachmasach ba ea Meiriceá. Cad a chiallaíonn “sochaí rachmasach”?
3. Cad a bhí i gceist ag an údar dar leat nuair a dúirt sé go raibh Meiriceánaigh ghorma ag maireachtáil de shíor “ar bharr méireanna an dá chos”?
4. Luaigh dhá chúis as an doiciméad nach bhfuil Meiriceánaigh ghorma sásta feitheamh lena gcearta sibhialta.
5. Cén fáth a raibh a oiread sin tábhachta ag baint le Martin Luther King i bhfeachtas na gcearta sibhialta sna Stáit Aontaithe sna 1960í?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Ardoideachas don ollshlua sna Stáit Aontaithe.
2. An ‘sceimhle dearg’ iarchogaidh sna Stáit Aontaithe.
3. Na Stáit Aontaithe agus Cúba.
4. Marilyn Monroe agus/nó Betty Friedan


C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith is a d'éirigh le Harry Truman mar Uachtarán ar SAM?
2. Cé chomh maith is a d'éirigh leis an Uachtarán Lyndon Johnson ina phlé le Vítneam sna 1960í?
3. Cén fáth a raibh aird an phobail chomh mór sin ar an soiscéaláí Billy Graham i saol Mheiriceá sa dara leath den fhichiú haois?
4. Conas agus cén fáth gur éirigh leis na Meiriceánaigh tuirlingt ar an ngealach, 1969?


X



Y



Z



Leathanach Bán